

EDIH

An Líonra de Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha

Claochlú digiteach an Aontais a bhrú chun cinn

Ag croílár réabhlóid dhigiteach na hEorpa tá an Líonra de Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha (MNDEнна).

Pobal dinimiciúil uile-Eorpach saineolaithe a bhfuil sé de mhisean acu an timpeallacht dhigiteach a athmhúnlú le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí (ESPanna).


Feidhmíonn MNDEнна mar eiseamláirí a fhad agus a bhaineann sé leis an eolas digiteach, chun an bealach a réiteach do FBManna le dul i ngleic leis na sruthanna atá ag athrú go tapa i ndomhan an lae inniu atá fréamhaithe sa teicneolaíocht.

Ach leas a bhaint as acmhainneacht an aistrithe dhigitigh, beidh gnólachtaí réidh chun a bpróisis táirgthe a fheabhsú, a n-éifeachtúlacht a mhéadú agus a n-iomaíocht a shárú.

Tá níos mó ná sárchumas digiteach i gceist le tiomantas an Líonra MNDEнна.

Tá sé fréamhaithe i gcur chuige comhfhiosach freagrach maidir le seirbhísí a sholáthar lena gcothaítear an inbhuanaitheacht comhshaoil.


Agus an Coimisiún Eorpach i gceannas ar an bhfeachtas seo, tugtar le chéile níos mó ná 200 mol nuálaíochta digití (MNDEнна), atá dailte go straitéiseach ar fud Bhallstáit an Aontais, agus san Íoslainn, i Lichinstéin agus san Iorua chomh maith.



Tar linn ar an aistear spreagúil seo agus todhchaí dhigiteach na hEorpa á múnú againn! >>

Glac páirt

Cén chaoi ar féidir leat cabhrú chun an scéal a scaipeadh faoin Líonra MNDEнна?



Is féidir borradh a chur faoin Líonra MNDEнна agus faoina mhisean trí alt lán eolais nó blaghostáil a bhfuil ábhar machnaimh ann a chruthú agus a fhoilsiú, nó agallamh tarraingteach a dhéanamh lenár n-ionadaithe sna moil nuálaíochta digití. Comhroinn do smaointe cruthaitheacha agus na léargais atá agat lenár bhfoireann.



Bunaigh naisc idir do chuid iarrachtaí féin agus an Líonra MNDEнна i gcás inarb infheidhme (mar shampla, trí nuacht ábhartha a chur ar do shuíomh gréasáin nó i do nuachtlitr, nascadh le [suíomh gréasáin an Líonra MNDEнна](#) ar d'ardán féin, páirt a ghlacadh in imeachtaí atá dírithe ar nuálaíocht dhigiteach nó imeachtaí den sórt sin a eagrú, agus léargas faoin gclaoclú digiteach a chomhroinnt ar do chuntais ar na meáin shóisialta).



Tosaigh plé faoin Líonra MNDEнна le do chomhghleacaithe, líonraí agus páirtithe leasmhara eile, agus déan cinnte go mbeidh an t-ábhar faoin Líonra MNDEнна a chuirtear ar fáil sa tsraith uirlisí seo á soláthar sna cainéil chumarsáide atá agat.



Tacaigh le misean an Líonra MNDEнна trí ábhar ar na meáin shóisialta a bhaineann leis a chomhroinnt, a athphostáil agus a mholadh.



Tapaigh gach deis chun an Líonra MNDEнна a chur chun, trí úsáid a bhaint as na hacmhainní a chuirtear ar fáil sa tSraith Uirlisí Cumarsáide.

Ábhar cumarsáide

Is féidir leat cur go héifeachtach le misean an líonra trí úsáid a bhaint as na hÁbhair Chumarsáide chuimsitheacha atá againn, atá deartha le go mbeidh tionchar ag do chuid oibre for-rochtana agus go gcothófar rannpháirtíocht san obair sin.



Grafaicí eolais

Comhroinn ár ngrafaicí eolais ar do chainéil ar na meáin shóisialta, do shuíomhanna gréasáin nó i do láithreoireachtaí chun an t-eolas is tábhachtaí faoin Líonra MNDEнна a chur in iúl ar bhealach soiléir spéisiúil.



Bróisiúr na Seirbhíse

Déan bróisiúr na seirbhíse lán eolais atá againn a dháileadh ar pháirtithe leasmhara agus comhpháirtithe féideartha chun léargas mionsonraithe a thabhairt dóibh ar na seirbhísí atá againn agus faoi na tairbhí atá ann do chliant.



Meirge Inchorntha

Taispeáin an meirge inchorntha feiceálach ag imeachtaí, comhdhálacha nó ceardlanna chun aird a tharraingt agus comhráite a spreagadh faoin líonra MNDEнна.



Físeán

Bain úsáid as an bhfíseán mar uirlis tharraingteach chun an tionchar a bhíonn ag an líonra, na spriocanna atá aige agus na scéalta ratha a chur os comhair an phobail. Déan é a chomhroinnt ar ardáin éagsúla chun dul i dteagmháil le pobal féachana níos leithne.



Postálacha ar na meáin shóisialta

Is féidir am agus dua a spáráil ach úsáid a bhaint as ár bpostálacha samplacha do na meáin shóisialta. Dearadh na postálacha le haird a dhíriú agus chun a bheith inroinnte, rud a fhágann gurb éasca duit an scéal a scaipeadh faoin líonra.



Meirge le haghaidh ríomhphoist

Cuimsigh an meirge seo i do shínithe ríomhphoist nó i do nuachtlitreacha chun an Líonra MNDEнна a choinneáil i gcuimhne ag do chuid teagmhálaithe gairmiúla.



Meirge gréasáin

Is féidir infheictheacht an líonra a fheabhsú agus tacú lena mhisean trínár meirge a chur le do shuíomh gréasáin.



Cúlra le haghaidh cruinnithe ar líne

Le linn seimineáir ghréasáin nó cruinnithe fíorúla, réitigh an bealach le haghaidh plé faoin líonra trí úsáid a bhaint as ár gcúlra saincheaptha le haghaidh cruinnithe ar líne.

Agus an t-ábhar seo atá curtha ar fáil duit, is féidir ról ríthábhachtach a bheith agat maidir le teachtaireacht agus tionchar an Líonra MNDEнна a mhéadú. Cabhróidh do rannpháirtíocht mar iolraitheoir le dlús a chur leis an gclaochlú digiteach, an nuálaíocht agus an fás ar fud an Aontais Eorpaigh.

Ba bhreá linn cloisteáil uait!

Má tá comhairle uait nó má tá ceisteanna agat maidir leis an tsraith uirlisí seo, déan teagmháil linn ag:

info@edihnetwork.eu

